POBALSCOIL CHORCA DHUIBHNE

Comhairle na dTuismitheoirí,
Pobalscoil Chorca Dhuibhne.

3-9-2020

**Re: Toghchán beirt thuismitheoirí / caomhnóirí Bhord Bainistíochta na scoile 2020-2023.**

A Thuismitheoir / Chaomhnóir dhil,

Táim ag scríobh chugat maidir leis an gceist thuasluaite. Tá an toghchán seo á eagrú againn go cian i mbliana toisc Covid 19.

Ar an gcéad dul síos, ba dheas liom an deis seo a thógaint chun buíochas a fháil leis an mbeirt ionadaithe a bhí againn ar an mBord Bainistíochta le trí bliana anuas, Nuala Uí Ghearailt agus Seán Ó Dufaigh a d'oibrigh go cruaidh ar son na scoile.

Tá cead vóta a chaitheamh ag gach tuismitheoir / caomhnóir a bhfuil leanbh cláraithe acu i rang ar bith sa scoil i rith na scoilbhliana 2020-21. Tá cead ag tuismitheoir ar bith atá cláraithe dul ar aghaidh sa toghchán. Ní mór d'iarrthóir sa toghchán a bheith ainmnithe ag tuismitheoir / caomhnóir incháilithe agus cuidithe ag tuismitheoir / caomhnóir incháilithe eile. Faoi iamh tá páipéir ainmniúcháin. Is féidir é seo a chur i gcló ón aip nó é a chur go dtí do sheoladh ríomhphoist chun é a chur i gcló. Caithfear iad seo a chur ar ais go dtí an seoladh ríomhphoist em@pcd07.ie nó tríd an bpost roimh Dé hAoine 18 Meán Fómhair. Cuirfimid ballóid votála amach chugaibh ansin agus is féidir vóta rúnda a chaitheamh agus a chur ar ais go dtí an scoil roimh Dé Céadaoin an 30 Meán Fómhair tríd an bpost. Comhraítear na vótaí ansin.

Is bean amháin agus fear amháin atá le togha ar an mBord Bainistíochta. Mar sin beidh deis vótála do bhean amháin agus d'fhear amháin ag gach tuismitheoir / caomhnóir incháilithe.

Is mise le meas,

Claire Ní Ghealbháin
Cathaoirleach Chomhairle na dTuismitheoirí

Pobalscoil Chorca Dhuibhne

**Bord Bainistíochta Phobalscoil Chorca Dhuibhne 2020 – 2023**

**Páipéar Ainmniúchán (Nomination Paper)**

**Ainm an Iarrthóra (Name of Candidate):** ___________________________________

**Ainmnithe ag (Nominated by):**

**Bloc litreacha (Block letters):** ___________________________________________

**Sínithe (Signed):** ___________________________________________

**Cuidithe ag (Seconded by):**

**Bloc litreacha (Block letters):** ___________________________________________

**Sínithe (Signed):** ___________________________________________

**Dáta (Date):** _____________________